

N A R Á I T I S F O G H L A M A

Samplaí d'Fhoghlaim Ábhartha

Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar chruthú, léirthuisctint agus léirmhíniú téacsanna ceoil i bhformáid éagsúla nótaílte, lena n-áirítear nodaireacht na foirne, nodaireacht ghrafach, ag baint úsáid as modhanna teicneolaíocha agus formáidí cuí eile.

RF 3

Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil.

Cruthóidh an scoláire raon saothar cumtha; gabhfaidh sé agus cuirfidh sé i láthair na próisis agus na gcinntí a rinneadh trí phunanna, lámhscríbhinní agus meáin chúí eile.

RF 4

Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.

Úsáideann an scoláire a smaointe agus a aschuir ceoil chun an saol ina phobal féin agus mar a mhairtear ann chomh maith leis an gcomhthéacs i gcoitinne a léiriú; cuireann sé ról agus tionchar an ama a chuaigh thart san áireamh ina roghanna ceoil.

RF 8

Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an ábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.

RF 16

Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.

RF 23

Tógann an scoláire smaoinemh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.

RF 24

Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoinemh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

Tuigeann an scoláire patrúin agus caidrimh sa cheol trí iniúchadh a dhéanamh ar thonúlacht, cordaí, eochracha agus amchomharthaí in eispéiris éagsúla cheoil.

Oibríonn scoláirí amach coincheap cruthaitheach agus a shocrú conas é a thabhairt chun críche. Baineann an próiseas seo le dul trí thobsmainteoireacht, taighde, cleachtadh, cur i láthair, gabháil, measúnú agus machnamh.

Is féidir leis an scoláire úsáid a bhaint as na meáin teicneolaíocha agus dhigiteacha chun saothair chomhoibríocha chumtha a chruthú; léirithe a thaifeadadh agus a léirmheas agus iniúchadh a dhéanamh ar shaothair cumadóirí, agus a bheith feasach ag an am céanna faoi cheisteanna a bhaineann le cóipcheart agus bradaíl.

